AN COLMÀNACH

ST. COLMAN'S COLLEGE

Dúis do Dhia agus d'Éirinn

1983

A College Magazine

produced by

ST. COLMAN'S COLLEGE, FERMOY

AITHEASC AN UACHTARÁIN



Very Rev. James O'Donnell, President, St. Colman's College.

Cuirim fáilte chroíúil roimh an 6ú "Colmánach" seo. I ngach aon eagrán go dtí seo chistigh na scríobhnóirí, bail ó Dhia orthu, faisnéis atá fíorluachmhar faoi shaol agus stair an Choláiste. Léirigh siad go cumasach na hidéil Chríostaí ba dhual a chothú i gCliarscoil Deoise Cluain Uamha.

Ina theannta sin chláraigh siad cuntais ar na hOllúna a shaothraigh ann idir chléir agus tuath, ar scoláirí agus iarscoláirí. Scríobh siad faoi na fathaigh léinn agus eagna: an t-Easpag Ó Murchú, na hÁrdeaspaig de Cróc agus Ó Mainchín, an t-Athair Peadar Ó Laoire, an Canónach Ó Síocháin, Tomás Mac Donncha, Cormac Ó Cadhla - clara et venerabilia nomina.

Má gabhann ábhairín den mhaíomh leis an roghnú sin de dhaoine clúiteacha, ná tógtar orainn é. Is amhlaidh a áitíonn a mbuanghníomhartha é. Ní ionann sin is a admháil nach mór linn an oiread céanna an dalta a dhéanann an dá thalann úd an tSoiscéil a mhéadú faoi dhó.

Sea. Buíochas le Dia go dtagaimidne Colmánaigh isteach ar oidhreacht atá saibhir, fairsing. Agus mé á scríobh seo táimid i ngar do thosach na Bliana Beannaithe, an 1950ú bliainchothrom de bhás an tSlánaitheora, moladh go deo leis. Agus tá bliainchothrom eile ann lena ngabhann brí faoi leith dúinne Colmánaigh. Tráth an ama seo 125 bliain ó shin osclaíodh ár gColáiste.

Guím go dtuga Dia go ndéanfaidh Colmánaigh na linne seo, trí idirghuí a bPatrúin Naofa, a gcion chun a bhfuil de dhíth ar fhulaingt ár Slánaitheora a chomhlionadh. Níl slí níos fearr chun cuspóirí na Bliana Beannaithe a chur i gcrích agus san am céanna ár mbliainchothrom féin a cheiliúradh ná ár saol agus ár saothar a rialú de réir mana an Choláiste: "Dílis do Dhia agus d'Éirinn."